Truailliú in abhainn an Chláirín

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thruailliú a rinneadh in abhainn an chláirín in Oirthear na Gaillimhe
Bí ag obair leis an duine in aice leat.

An bhfuil aon rud ar eolas agaibh faoi abhainn an Chláirín?
An bhfuil fadhb mhór againn le truailliú in Éirinn, dar libh?

Ceist 2 Gan féachaint ar an tuairisc go fóill, déanaigí iarracht na téarmaí Gaeilge a aimsiú do na téarmaí seo a leanas:

The Western Regional Fisheries Bord_____
Galway County Council_____
Fisheries Act_____
Ennis District Court_____
Correspondent_____
Barrister_____
Treatment_____
Eel_____
Red trout_____
Salmon_____

Ceist 3 Féach ar an tuairisc anois agus scríobh i gcúpla abairt cad é ábhar na míre. Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil cad a scríobh sé/sí. Bain úsáid as na focail thuas le cuidiú libh.

Ceist 4

1. Cén chaoi ar truaillíodh an abhainn?
2. Rinneadh dochar don abhainn ó thaobh cén rud de?
3. Cén fáth nár tugadh breithiúnas i 2007?
4. Cén t-acht a sháraigh Comhairle Contae na Gaillimhe?
5. Cé mhéad d'fhíneáil a ghearr an breitheamh ar an gComhairle Contae?
6. Cén fáth gur íoc an Comhairle Contae cúig mhíle euro?
7. Cén post atá ag an Dr Greg Forde?
8. Cén uair is mó dainséar don abhainn?

Ceist 5 Déan iarracht leagan Gaeilge a aimsiú do na cineálacha seo éisc:

Herring
Mackerel
Muscles
Lobster
Crab
Cod
Whiting

Ceist 6 Cur na focail *i gcló iodálach* sa bhosca ceart. Tá an chéad ceann déanta duit.

An t-alt	**An**
Ainm briathartha	
Briathar	
Forainm réamhfhoclach	
Forainm Pearsanta	
Réamhfhocal comhshuite	
Réamhfhocal simplí	
Aidiacht Shealbhach	
Aidiacht	
Ainmfhocal	

de, mo, cliste, ***an,*** *ag ithe, ar feadh, sí, bord, againn, bris*

Ceartaigh na focail idir lúibíní (más gá) sna habairtí thíos.

1. Dhíol sí an leabhar de (brí) gur theastaigh airgead uaithi.
2. Cá bhfuil mo (cupán)?
3. Nílim pósta, a deir an bhean (cliste)
4. Dún (an fuinneog) sin. Oscail (an doras) thall.
5. Bhí na hoibrithe ag ithe (dinnéar) nuair a tháinig an cigire.
6. Bhí aimsir bhreá againn ar feadh (an seachtain).
7. Tá sí ina (Uachtarán) ar an gcumann.
8. Tá bord (beag) acu sa seomra ach tá leaba (mór) acu.
9. Tá páistí againn ach níl aon pháistí (ag + iad)
10. (Bris +mé) an cleamhnas eadrainn mura mbeinn sásta.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús.

Ceist 2

The Western Regional Fisheries Bord:	Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthair
Galway County Council:	Comhairle Contae na Gaillimhe
Fisheries Act:	An tAcht Iascaigh
Ennis District Court:	Cúirt Dúiche na hInse
Correspondent:	Comhfhreagraí
Barrister:	Abhcóide
Treatment:	Cóireáil
Eel:	Eascann
Brown trout:	Breac rua/donn
Salmon:	Bradán

Ceist 3 Caithfidh na foghlaimeoirí achoimre ghairid a scríobh ar ábhar na míre tar éis dóibh éisteacht leis an tuairisc uair amháin. Tabhair seans dóibh an méid a scríobh siad a chur i gcomparáid le chéile.

Ceist 4

1. Tháinig sceitheadh ó phlanda cóireála séarachais isteach san abhainn.
2. Rinneadh dochar suntasach don abhainn ó thaobh na hiascaireachta de.
3. Bhí an breitheamh ag iarraidh fanacht go bhfeicfí cén obair chóireála a bheadh déanta ar an bplanda séarachais.
4. Sháraigh Comhairle Contae na Gaillimhe An tAcht Iascaigh.
5. Ghearr breitheamh fíneáil ocht gcéad euro ar an gComhairle Contae.
6. D'íoc siad cúig mhíle euro i gcostais teicniúla.
7. Is príomhfheidhmeannach an Bhord Iascaigh é.
8. Nuair atá sé ag leibhéal íseal, is mo contúirt.

Ceist 5

Herring	Scadán
Mackerel	Ronnach
Muscles	Diúilicíní
Lobster	Gliomach
Crab	Portán
Cod	Trosc
Whiting	Faoitín

Ceist 6

An t-alt	**an**
Ainm briathartha	ag ithe
Briathar	bris
Forainm réamhfhoclach	againn
Forainm Pearsanta	sí
Réamhfhocal comhshuite	ar feadh
Réamhfhocal simplí	de
Aidiacht Shealbhach	mo
Aidiacht	cliste
Ainmfhocal	bord

1. Dhíol sí an leabhar **de bhrí** gur theastaigh airgead uaithi.
2. Cá bhfuil **mo chupán**?
3. Nílim pósta, a deir an bhean chliste.
4. Oscail **an fhuinneog** sin. Dún **an doras** thall.
5. Bhí na hoibrithe **ag ithe dinnéir** nuair a tháinig an cigire.
6. Bhí aimsir bhreá againn ar feadh **na seachtaine**.
7. Tá **sí ina huachtarán ar an gcumann.**
8. Tá **bord beag** acu sa seomra ach tá **leaba mhór** acu.
9. Tá páistí againn, níl aon pháistí **acu.**
10. **Bhrisfinn** an cleamhnas eadrainn mura mbeinn sásta.

Eimear Ní Chonaola

Baill ó Dhia oraibh. Deir Bord Iascaigh Réigiúnach an Iarthair go bhfuil tuilleadh le déanamh ag Comhairle Contae na Gaillimhe lena chinntiú nach dtarlóidh truailliú in abhainn an Chláirín in Oirthear an Chontae. Tá fíneáil de ocht gcéad euro agus breis is ocht míle euro de chostais gearrtha ar an gComhairle Contae, as an Acht Iascaigh a shárú i 2006. Tá mórscéal ag ár gcomhfhreagraí rialtais áitiúil, Rónán Mac An Iomaire

Rónán Mac An Iomaire

Is abhainn thábhachtach iascaireachta í abhainn an Chláirín, abhainn a chothaíonn bradáin, bric rua, agus eascanna[1] i measc iasc eile. Ach ar an séú lá fichid de mhí Iúil 2006, d'fhág sceitheadh ó phlanda cóireála[2] séarachais Chomhairle Contae na Gaillimhe anseo i mBaile Átha an Rí gur rinneadh dochar suntasach don abhainn ó thaobh na hiascaireachta de. I gCúirt Dúiche na hInse inniu fritheadh ciontach Comhairle Contae na Gaillimhe as an acht Iascaigh a shárú. Cé gur éisteadh[3] cuid den chás seo i 2007, ní raibh an breitheamh Aonghus Mac Cárthaigh ag iarraidh breithiúnas a thabhairt go bhfeicfí cén obair chóireála a bheadh déanta ag Comhairle Contae na Gaillimhe ar an bplanda séarachais. Deir abhcóide thar cheann na Comhairle Contae go bhfuil breis agus milliún euro anois caite i bhfeabhsúcháin ar an bplanda cóireála. Ghearr breitheamh Mac Cárthaigh fíneáil ocht gcéad euro ar an gComhairle Contae chomh maith le breis agus cúig mhíle euro i gcostais teicniúla agus trí mhíle dhá chéad euro i gcostais dlí. Deir príomhfheidhmeannach an Bhord Iascaigh an Dr. Greg Forde, go raibh tuilleadh le déanamh ag Comhairle Contae na Gaillimhe chun a chinntiú nach dtarlódh a leithéid de thruailliú arís, go háirithe a deir sé, nuair a bhíonn abhainn an Chláirín ag leibhéal íseal.

Rónán Mac An Iomaire, Nuacht TG4, i mBaile Átha an Rí.

[1] Eascainn a deirtear
[2] B'fhearr Ionad cóireála a úsáid anseo
[3] Éistíodh a deirtear